Disléicse

Many people think dyslexic people are boneheads. Dyslexia doesn't equal a lack of intelligence. Don't laugh at your mates when they have problems with reading! Maybe they'll become movie stars and you'll want tickets to their premieres.

Orlando Bloom ag caint faoina dhisléicse i sliocht ó *Orlando Bloom Files*
http://www.theorlandobloomfiles.com/articles/j1404march.html

Cuireann disléicse isteach ar an bpróiseas foghlama maidir le léitheoireacht, le scríbhneoireacht agus le labhairt, ach ní bhíonn na deacrachtaí seo i gcomhréir le cumais acadúla eile na ndaltaí. Deirtear go bhfuil disléicse ar dhaoine nuair a bhíonn míréir idir cumas measúnaithe daoine agus na rudaí a bhaineann siad amach i réimsí litearthachta. Seans go gcuirfidh disléicse isteach: ar fhorbairt chumas an dalta cuimhneamh ar rudaí a fheictear nó a chloistear san ord ina dtarlaíonn siad; ar a gcumas chun fuaimeanna i bhfocail a aithint agus a gcumas chun rudaí a chur in ord (m.sh. eolas, litreacha, scéalta, uimhreacha, laethanta na seachtaine, míonna na bliana, srl.); seans go gcuirfidh disléicse isteach ar dhíriú aigne, ar chomhordú, ar scileanna foirmithe litreacha/figiúirí agus ar luas léitheoireachta agus tuisceana. Ina theannta sin seans go mbeidh fadhbanna ag daltaí le treoracha, le léamh mapaí, le taobh clé a aithint ón taobh deas, le litriú, le cóipeáil focal agus uimhreacha ó leabhar nó ó chlár dubh, le cuimhneamh ar ainmneacha focal nó nithe, agus le léamh ceoil.

I ndaltaí a bhfuil disléicse orthu tá deacrachtaí foghlama acu i gcontanam atá rangaithe ó dheacracht éadrom go deacracht dhomhain. Go minic bíonn tionchar ag disléicse ar fhéinmhuinín agus ar fhéinmheas daltaí agus bíonn cuma orthu nach féidir leo iad féin a spreagadh. Seans go mbeidh disléicse ann in éineacht le riachtanais speisialta oideachais eile, mar shampla, dioscalcúile (féach leathanach 158), diospraicse (féach leathanach 41) agus neamhord hipirghníomhaíochta easnamh airde (NHEA) (féach leathanach 59). Tarlaíonn sí i ngach grúpa soch-eacnamaíoch agus cuireann sí isteach ar dhaoine ar bhealaí éagsúla. Cé go dtarlaíonn an disléicse thar an tréimhse saoil ar fad, is féidir é a mhaolú le hidirghabháil chuí.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Aithin an mearbhall agus an frustrachas atá ar an dalta agus seachain aon rud a chuireann leis an mbrú.

- Ná ceap gurb ionann easpa iarrachta agus athruithe a thagann ar obair na ndaltaí i ndáiríre.
- Cuir tacaíocht ar fáil le meicníochtaí taifeadta breise nuair is cuí (m.sh. bogearraí litearthachta, cairteacha, léaráidí, deachtafóin, foclóirí leictreonacha, samhlacha, bogearraí aitheanta gutha agus próiseálaí focail le litreoir).
- Úsáid rianairí líne agus/nó forleagain daite mar is cuí.
- Cruthaigh deiseanna foghlama agus athfhoghlama don dalta.
- Spreag na daltaí chun rudaí scríofa a dhréachtú agus a athdhréachtú.
- Déan leasú ar bhileoga oibre ionas go mbeidh siad intuigthe.
- Cuir cabhair ar fáil le codanna den phróiseas scríbhneoireachta, mar shampla, úsáid bileoga pleanála agus seicliostaí eagarthóireachta.
- Léigh ceisteanna os ard.
- Spreag na daltaí chun iad féin a cheartú.
- Cleacht cluichí cuimhne.
- Bain úsáid as clár litearthachta ilchéadfach struchtúrach leis an dalta.
- Aimsigh láidreachtaí na ndaltaí agus a gcuid stíleanna foghlama aonair.
- Múin réimse scileanna chun tabhairt faoi fhocail (m.sh. leideanna comhthéacs, féach agus abair, poncaíocht agus cruthanna focail).
- Úsáid clár léitheoireachta grádaithe atá feiliúnach do leibhéal scileanna litearthachta na ndaltaí seo agus dá leibhéal suime freisin.
- Cuir ábhar léitheoireachta breise ar fáil atá níos ísle ná leibhéal léitheoireachta measúnaithe an dalta, a chuireann ar chumas an dalta léamh go neamhspleách (.i. níos lú ná dhá bhotún i gcéad focal).



- Úsáid córas léitheoireachta cleachta. Seachas a bheith ag iarraidh ar dhalta anseo is ansiúd léamh os ard, tabhair sliocht ar leith do gach dalta lá roimh ré.
- Tosaigh le saorscríbhneoireacht na ndaltaí seo nuair a bheidh tú ag roghnú litrithe a bheidh le foghlaim acu. Dírigh isteach ar phatrúin litrithe ar leith a dteastaíonn cabhair ón dalta leo de réir shaorscríbhneoireacht na ndaltaí.
- Ceartaigh litriú go dearfach agus tabhair creidiúint do dhaltaí i gcomhair litreacha nó fuaimeanna cearta i bhfocail.
- Úsáid roinnt modhanna ilchéadfacha nuair atá litriú á mhúineadh agat, agus smaoinigh ar úsáid a bhaint as an straitéis: féach, cóipeáil, rianaigh, déan pictiúr, clúdaigh, scríobh agus seiceáil go roghnaíoch.

- Déan dialanna d'fhocail riachtanacha.
- Bris tascanna suas i gcéimeanna beaga agus tabhair dóthain ama chun iad a chur i gcrích.
- Roghnaigh agus aibhsigh na botúin is mó, ní na botúin go léir - dírigh ar an gcineál botúin (cáilíocht) seachas ar líon na mbotún (cainníocht).
- Múin scileanna staidéir (m.sh. pointí lárnacha a aibhsiú, meabhairmhapaí®, neamónaicí, srl).



- Tabhair spreagadh agus moladh atá cuiditheach go rialta agus taispeáin go gcreideann tú go mbainfidh an dalta caighdeán ard amach.
- Cuir teorainn ar an líon cóipeála atá le déanamh ón gclár. Scríobh i ndathanna éagsúla ar an gclár dubh.
- Tuig go mbeidh obair daltaí taomach agus neamhréireach.
- Spreag daltaí chun na treoracha (le tasc a dhéanamh) a athrá.
- Úsáid leideanna amhairc chun cabhrú leis na daltaí iad féin a eagrú.
- Aithin go dteastaíonn am breise ó dhaltaí chun tascanna a chríochnú.
- Úsáid bogearraí cuí ríomhaire chun tacú le léamh, litriú agus scríbhneoireacht (m.sh. Wordshark®, Numbershark®, srl).
- Spreag na daltaí chun úsáid a bhaint as foclóirí litrithe, agus litreoirí, mar shampla, GaelSpell agus Ceart.
- Ag leibhéal iarbhunscoile go háirithe, smaoinigh ar úsáid a bhaint as ábhair foghlama neamh-phriontáilte, mar shampla, leabhair ar téip, ranganna taifeadta agus téacsanna curaclaim ar téip.
- I gcás daltaí a bhfuil disléicse orthu, seans go mbeidh an-deacracht acu le figiúirí (m.sh. ag foghlaim táblaí), le ceol a léamh nó le haon rud óna dteastaíonn léirmhíniú ar shiombailí. Is féidir deacracht ar leith a bheith i gceist le foghlaim teangacha eachtrannacha.

Acmhainní/Tagairtí Breise

1. An tAonad Forbartha Curaclaim, Coláiste Mhuire gan Smál (2001) Neart: *An Information Booklet for Resource/Special Needs Teachers.* Ar fáil ón Aonad Forbartha Curaclaim, Coláiste

Mhuire Gan Smál, Luimneach. Íoslódáil ó: http://www.mic.ul.ie/ted/pdf/neart%202005.pdf

2. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1993) Tuarascáil an Choiste Athbhreithnithe ar an Oideachas Speisialta (Report of the Special Education Review Committee), Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
3. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2001) Treoirlínte Tacaíochta Foghlama, íoslódáil ó: http://www.sess.ie/
4. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2002) Tuarascáil an Tascfhórsa ar Dhisléicse (Report of the Task Force on Dyslexia) a íoslódáil ó: http://www.sess.ie/
5. Augur, J. (1996) *'This book Doesn't Make Sens, Cens, Sns, Scens, Sense' (Living and Learning with Dyslexia),* Londain: Whurr Publishers Ltd.
6. Ball, M., Hughes, A. agus McCormack, W. (2006) *Dyslexia: An Irish Perspective,* Baile Átha Cliath: Blackhall Publishing.
7. The British Dyslexia Association, láithreán gréasáin: http://www.bdadyslexia.org.uk/
8. Cumann Disléicse na hÉireann, láithreán gréasáin: http://www.wsai.ie/
2. MacKay, N. (2005) *Removing Dyslexia as a Barrier to Achievement: The Dyslexia Friendly Schools Toolkit,* Wakefield: SEN Marketing.
10. Mellers, C. (2002) *Identifying and Supporting the Dyslexic Child* (eag. leasaithe), Scunthorpe: Desktop Publications.
11. Moseley, D. (eag.) (1998) *ACE Spelling Dictionary: Find Words Quickly and Improve Your Spelling,* Bayside, NY: LDA.
12. Moseley, D. agus Singleton, G. (1998) *ACE Spelling Activities: Photocopy Masters for Use with the ACE Spelling Dictionary,* Bayside, NY: LDA.
13. Ott, P. (1997) *How to Detect and Manage Dyslexia: A Reference and Resource Manual,* Oxford: Heinemann.
14. Reason, R. agus Boote, R. (1994) *Helping Children with Reading and Spelling: A Special Needs Manual,* Londain: RoutledgeFalmer.
15. Shaywitz, S. (2005), *Overcoming Dyslexia: A New and Complete Science-Based Program for Reading Problems at Any Level,* Nua Eabhrac: Vintage Books.
16. Special Educational Needs Cross-Border Professional Exchange Programme (2006) *Inclusive Dyslexia Friendly Practice,* Muineachán: Special Educational Needs Cross-Border Professional Exchange Programme, íoslódáil ó: http://www.sess.ie/
17. Tá liosta de roinnt suíomhanna ag an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (STOS) a bhaineann le disléicse, láithreán gréasáin: http://www.sess.ie/
18. Westwood, P. (2007) *Commonsense Methods for Children with Special Educational Needs* (5ú eag.), Londain: RoutledgeFalmer.
19. Winebrenner, S. (1996), *Teaching Kids with Learning Difficulties in the Regular Classroom,* Londain: RoutledgeFalmer.